**PREASEISIÚINT Uimh. 11/26**

**Lucsamburg, 10 Feabhra 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-97/23 P | WhatsApp Ireland v an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí

# RGCS: Tá an chaingean a thug WhatsApp Ireland i gcoinne Chinneadh ceangailteach 1/2021 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí inghlactha

*Ós rud é gur gníomh ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne é an cinneadh sin a bhaineann leis an ngnóthas sin go díreach, cuireann an Chúirt ordú na Cúirte Ginearálta ar ceal agus tarchuireann sí an cás ar ais chuici chun go dtabharfar breith ar an tsubstaint*

Cinneann an Chúirt Bhreithiúnais gur gníomh ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne é cinneadh ceangailteach ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí ('an Bord') lena réitítear díospóid idir roinnt údaráis náisiúnta mhaoirseachta maidir leis an gceist ar sháraigh rialaitheoir an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) [1] agus, ar cheart na bearta ceartaitheacha a bheartaítear i ndáil leis a athrú, de réir mar a bheidh. Is cinneadh ó chomhlacht an Aontais é an cinneadh sin agus tá sé ceaptha chun éifeachtaí dlíthiúla a bheith aige i ndáil le tríú páirtithe. Thairis sin, sa chás seo, rialaíonn an Chúirt go bhfuil an cinneadh atá i gceist de chúram WhatsApp Ireland Ltd ('WhatsApp') go díreach. Ós rud é go bhfuil an chaingean le haghaidh neamhniú inghlactha ach nár scrúdaigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh substaint an cháis go fóill, cuireann an Chúirt an t-ordú atá faoi chonspóid ar ceal agus tarchuireann sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta.

I ndiaidh theacht i bhfeidhm RGCS, fuair údarás maoirseachta na hÉireann, an Coimisiún um Chosaint Sonraí, gearáin ó úsáideoirí na seirbhíse teachtaireachta 'Whatsapp' agus daoine nach úsáideoirí iad maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag an ngnóthas sin. Thionscain an t-údarás maoirseachta sin, dá thionscnamh féin, i mí na Nollag 2018, imscrúdú ginearálta maidir le comhlíonadh a oibleagáidí trédhearcachta agus faisnéise i ndáil le daoine aonair ag WhatsApp.

I mí na Nollag 2020, chuir údarás maoirseachta na hÉireann dréachtchinneadh faoi bhráid na n-údarás maoirseachta go léir lena mbaineann chun a dtuairimí a fháil [2]. Ós rud é nár thángthas ar chomhréiteach maidir le gnéithe áirithe den dréacht sin, cuireadh an t-ábhar faoi bhráid an Bhoird chun go dtabharfadh sé cinneadh ar an díospóid idir na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann, trí sheasamh a ghlacadh maidir leis na ceisteanna a bhí ina n-ábhair d'agóidí ábhartha agus réasúnaithe.

Thug an Bord cinneadh a bhí ceangailteach [3] ar na húdaráis mhaoirseachta go léir lena mbaineann, eadhon Cinneadh 1/2021, inar cinneadh, *inter alia*, go ndearnadh sárú ar fhorálacha áirithe de RGCS agus inar chuir sé de cheangal ar údarás maoirseachta na hÉireann na beartaithe ceartaitheacha a bhí beartaithe, lena n-áirítear méid na bhfíneálacha, a leasú. Ar an mbonn sin, thug an t-údarás sin a chinneadh críochnaitheach, a díríodh ar WhatsApp agus lenar forchuireadh air, *inter alia*, fíneálacha de **mhéid carnach EUR 225 milliún**.

Thug WhatsApp caingean le haghaidh neamhniú i gcoinne Chinneadh an Bhoird os comhair na Cúirte Ginearálta [4]. Le hordú an 7 Nollaig 2022 [5], dhíbh an Chúirt Ghinearálta an chaingean sin toisc í a bheith do-ghlactha, ar an bhforas nach raibh an cinneadh ón mBord ina ghníomh ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne agus nach raibh an cinneadh sin de chúram WhatsApp go díreach. De réir na Cúirte Ginearálta, ní raibh i gcinneadh an Bhoird ach beart idirmheánach agus ní fhéadfadh WhatsApp agóid a dhéanamh ach i gcoinne an chinnidh chríochnaithigh ó údarás maoirseachta na hÉireann os comhair cúirt náisiúnta. Mar sin, chuir WhatsApp i gcoinne ordú na Cúirte Ginearálta trí achomharc a dhéanamh os comhair na Cúirte Breithiúnais.

I mbreithiúnas an lae inniu, dearbhaíonn an Chúirt gur **gníomh ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne os comhair**

**chúirteanna an Aontais é cinneadh an Bhoird**. Go deimhin, is gníomh ó chomhlacht an Aontais é an cinneadh seo, atá ceangailteach ar thríú páirtithe, eadhon, sa chás seo, údarás maoirseachta na hÉireann agus gach údarás maoirseachta eile lena mbaineann. Ina theannta sin, socraítear sa chinneadh sin seasamh an chomhlachta sin agus déileáiltear le gach ceist a cuireadh faoina bhráid. Dá thoradh sin, ní féidir a mheas gur beart idirmheánach nach féidir agóid a dhéanamh ina choinne.

Thairis sin, cinneann an Chúirt go raibh **an cinneadh sin de chúram WhatsApp go díreach**, ós rud é gur athraigh an cinneadh sin staid dhlíthiúil an ghnóthais sin go suntasach, gan corrlach breithmheasa a fhágáil do na daoine ar a raibh sé dírithe. Tá na húdaráis mhaoirseachta lena mbaineann faoi cheangal ag an gcinneadh sin gan choinníoll, go háirithe maidir leis an gcinneadh gur sáraíodh forálacha áirithe de RGCS, agus ní fhéadfaidh na húdaráis sin an toradh sin a leasú.

Dá réir sin, dearbhaítear go bhfuil caingean WhatsApp inghlactha agus cuirtear **an t-ordú ón gCúirt Ghinearálta ar ceal**. Tarchuireann an Chúirt an cás ar ais chun na Cúirte Ginearálta ionas go dtabharfaidh sí breith ar shubstaint an cháis eadhon ar sháraigh WhatsApp na forálacha de RGCS lena mbaineann.

**NÓTA:** Is féidir achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar ceal. I gcás inar féidir rialú a thabhairt ar chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. I gcás nach féidir rialú a thabhairt ar chás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

[2] I gcomhréir le hAirteagal 60(3) de RGCS.

[3] De bhun Airteagal 65(1) de RGCS.

[4] De bhun Airteagal 263 CFAE.

[5] Ordú an 7 Nollaig 2022, WhatsApp Ireland v an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí T-709/21 (féach freisin preaseisiúint Uimh. 196/22).